

# NUASHONRÚ FMS

EAGRÁN BUNSCOILE

EAGRÁN 13 – Deireadh Fómhair 2019

Fáilte go dtí eagrán a trí déag de Nuashonrú FMS, an ríomhfheasachán do bhunscoileanna. Tá a fhios againn ó bheith ag caint le scoileanna le bliain anuas nó mar sin go bhfuil dul chun cinn go seoigh á dhéanamh acu uair amháin eile le FMS. Tá scoileanna ag insint dúinn faoi cé chomh maith agus atá ag éirí leo leis an bpróiseas agus conas atá sé in úsáid acu le feabhsuithe a dhéanamh de réir a chéile sa teagasc agus san fhoghlaim.

Tá tús á chur againn leis an mbliain deiridh den dara timthriall FMS. Le Ciorcláin 0039/2016 agus 0016/2018 tugtar scoileanna agus an córas go dtí deireadh mhí an Mheithimh 2020. I rith an timthrialla, tá scoileanna tar éis éirí níos muiníní leis an bpróiseas agus tá a fhios againn go bhfuil a lán scoileanna tar éis úinéireacht a ghlacadh air i ndáiríre, ag baint úsáid as chun díriú ar rudaí atá ríthábhachtach ina gcomhthéacs ag an am áirithe sin.

Tá trí alt san eagrán seo den Nuashonrú. Sa chéad alt déantar scrúdú conas a bhreathnaítear ar FMS mar bhealach le feidhmiú agus déantar iniúchadh ar an gcaoi a bhfuil FMS mar bhealach do scoileanna le tosaíochtaí a bhainistiú agus baintear úsáid as an bpróiseas ar bhealach foirmiúil agus ar bhealach neamhfhoirmiúil chun dul chun cinn a dhéanamh ar na tosaíochtaí aitheanta sin. Sa dara halt breathnaítear go háirithe ar STEM. Tá spéis ag a lán scoileanna na cineálacha eispéireas foghlama a chur ar fáil do dhaltaí, agus san alt seo déantar roinnt moltaí maidir le conas is féidir próiseas an FMS a úsáid chun tacú leis an obair seo. San alt deiridh, breathnaítear go sciobtha ar an séú céim i bpróiseas an FMS – Monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhartha agus meastóireacht a dhéanamh ar an éifeacht.

Tá cuairteanna comhairleacha FMS ar siúl go fóill ag cigirí i scoileanna. Is cuairteanna neamh-mheastóireachta iad na cuairteanna seo go fóill ó chigire, le linn ama a bhíonn áisiúil don scoil. Is é sprioc na gcuairteanna seo ná chun tacú le scoileanna lena bpróiseas, ionas go bhfuil an éifeacht atá ag teastáil uathu aige. Tá a lán scoileanna ag baint úsáid as na cuairteanna seo mar dheis don phríomhoide agus do bhaill foirne bainistíochta inscoile na scoile comhrá a bheith acu ina gcuirtear dearcadh seachtrach ar a bpróiseas ar fáil. Tá sé ag cuidiú leo a bpróiseas a bheachtú agus ina lán cásanna é a dhéanamh níos soláimhsithe agus níos inbhuanaithe. Le hiarratas a dhéanamh ar chuairt a fháil ní gá ach ríomhphost a sheoladh chuig [info@schoolself-evaluation.ie](mailto:info@schoolself-evaluation.ie) le hainm do scoile agus uimhir rolla na scoile.

An Chigireacht – An tAonad Tacaíochta agus Taighde don Mheastóireacht

## Clár an Ábhair

FMS mar bhealach le feidhmiú	leathanach 2	
STEM mar réimse le díriú air	leathanach 3	
Monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhartha meastóireacht a dhéanamh ar an éifeacht	leathanach 4	agus

## FMS mar Bhealach le Feidhmiú

Agus sinn ag teacht chun deiridh den dara timthriall de FMS, cheapamar gurbh am maith é machnamh a dhéanamh ar an bhfís fhadtréimhseach a bheadh ann don FMS. Ón tús, an fhís a bhí ann don FMS sa chóras ná go nglacfadh scoileanna úinéireacht i ndáiríre ar an bpróiseas agus go ndéanfaidís a gcultúr féin a fhorbairt maidir le comhathbhreithniú agus féinmhachnamh. Tá sé deartha chun cuidiú le scoileanna trí bhuncheist a fhreagairt:

*Cad atá ag feidhmiú go maith?*

*Cad nach bhfuil ag feidhmiú chomh maith agus a mbeimis ag súil leis?*

*Conas is féidir linn feabhas a chur ar rudaí?*

Bhí sé i gceist i gcónaí go mbeadh FMS mar ‘bhealach le feidhmiú’ i scoileanna, seachas mar ‘imeacht’! Thar tréimhse ama, tá scoileanna tar éis éirí níos muiníní níos mó agus tá tús á chur acu úsáid a bhaint as an bpróiseas go solúbtha agus ar bhealaí foirmiúla agus neamhfhoirmiúla. Ní bhaineann FMS go príomha le páipéarachas agus le pleananna. Is é atá i gceist léi i ndáiríre ná cad atá ag titim amach i seomraí ranga – agus tá sé tábhachtach gan dearmad a dhéanamh air sin. Is é atá i gceist léi ná na hathruithe beaga a dhéanaimid sa teagasc agus na heispéiris foghlama atá ar fáil d’fhoghlaimoirí a bhféadfadh éifeacht mhór a bheith acu ar an bhfoghlaim.

### Dul chun cinn a dhéanamh ar thosaíochtaí

Rinneadh FMS a chur chun cinn mar *an próiseas* chun cuidiú le scoileanna machnamh agus bainistíocht a dhéanamh ar athruithe ar fud an chórais iomláin. Tá an-eolas ag scoileanna anois ar an bpróiseas ina bhfuil sé chéim, mar sin luíonn sé le réasún go mbaineann scoileanna úsáid as an bpróiseas ar bhealaí éagsúla. Moltar an FMS do scoileanna mar bhealach inar féidir leo machnamh agus pleanáil a dhéanamh le feabhsuithe a chur i gcrích nuair atá na curaclaim nua á gcur i bhfeidhm acu, ar nós Curaclam Teanga na Bunscoile. Tugtar spreagadh do scoileanna atá rannpháirteach in DEIS agus sa Scéim Aitheantais mar Scoil Ghaeltachta úsáid a bhaint as an bpróiseas ina bhfuil sé céim, agus a bpleananna gnímh á gcruthu acu. Tá an próiseas an-oiriúnach freisin le scrúdú a dhéanamh ar ábhair thábhachtacha eile, ar nós Foghlaim Dhigiteach, STEM agus Cruthaitheacht. Is ábhar ollmhór misnigh dúinn é freisin na bealaí ina bhfuil scoileanna ag baint úsáid as an bpróiseas ina gcomhthéacs.

Is é an teachtaireacht thábhachtach atá ann ná ord tosaíochta a leagan síos. I gCiorclán 0039/2016 cuireadh solúbthacht ar fáil so scoileanna le díriú ar rudaí a bhfuil tábhacht leo dóibh ag an am áirithe sin. Is áiteanna an-ghnóthach iad scoileanna – tá a lán rudaí a mbíonn tábhacht leo – ach ní féidir tús áite a thabhairt do gach rud. Níl i gceist ach ceisteanna a chur ‘Cad é an tosaíocht dár scoil agus d’fhoghlaim ár ndaltaí ag an bpointe áirithe seo?’ agus is é seo an rud is tábhachtaí do chéim 1 sa phróiseas.

### Go foirmiúil agus go neamhfhoirmiúil

Is mian linn ar fad go mbeidh an fhoghlaim chomh maith agus is féidir do na daltaí inár scoileanna. Ó cuireadh tús le FMS in 2012, bhíomar ar fad i bhfách scoileanna a spreagadh le FMS a ghlacadh mar phróiseas, seachas mar rud le comhlíonadh. Cuimhneoidh tú ar Nuashonrú FMS 10, labhraíomar faoi na téarmaí a d’úsáid gúru um spreagadh Maarten Vansteenkiste, ‘mustivation’ agus ‘wantivation’ agus is cinnte go bhfuil a lán scoileanna sa suíomh ina bhfuil siad ag iarraidh go mór úsáid a bhaint as an bpróiseas ina bhfuil sé chéim le haghaidh na dtairbhí a chuireann sé ar fáil don teagasc agus don fhoghlaim. Mar sin, ar lámh amháin de, cé go n-iarrtar i gCiorclán 0016/2018 ar scoileanna bheith rannpháirteach i réimse amháin nó níos mó d’fhócas faoi mhí an Mheithimh 2020, ar an lámh eile de tá a fhios againn go bhfuil a lán scoileanna ag baint úsáid as an bpróiseas chun cuidiú leo smaoineamh faoi réimsí breise, uaireanta ar bhealach nach bhfuil chomh foirmiúil sin.

Tháingamar ar scoileanna a bhain úsáid as an bpróiseas don réimse nó don dá réimse tosaíochta aitheanta atá acu. D’fhorbair siad plean(anna) um fheabhsú agus dár ndóigh bhí cuid mhór dá bhfuinneamh á chaitheamh go dúthracht acu leis an obair, ós rud é gurbh iadsan a réimsí tosaíochta forbartha. Ag an am céanna, bhí tús curtha ag na scoileanna sin úsáid a bhaint as an bpróiseas ar bhealach nach raibh chomh foirmiúil sin – mar dóibh siúd, ba bhealach seanbhunaithe é ar mhachnamh a dhéanamh ar rudaí. I gcuid mhór cásanna níor thóg siad chomh fada é agus plean foirmiúil um fheabhsú a chruthú, ach bhain siad úsáid as an loighic den phróiseas chun cuidiú leo machnamh a dhéanamh air go hiomlán. D’aithin siad príomhghníomh nó dhá phríomhghníomh agus comhaontaíodh iad leis na baill foirne uile agus thosaigh siad á gcur i bhfeidhm.

Bhí an ‘riachtanas’ a bhí leagtha orthu ag an gcioclán á chomhlíonadh acu, ach bhí acmhainneacht an FMS á tuiscint acu agus bhí siad ag baint úsáid as mar a mbealach le feidhmiú, mar a mbealach le machnamh a dhéanamh agus mar a mbealach le feabhsú a dhéanamh.

## Foghlaim STEM agus FMS

Bhí a lán plé maidir le foghlaim sna disciplíní Eolaíochta, Teicneolaíochta, Innealtóireachta agus Matamaitice nó in Oideachas STEM mar atá sé aitheanta go coitianta, go idirnáisiúnta agus in Éirinn. Tá a lán béime ar ghairmeacha STEM-bhunaithe agus is fiú machnamh a dhéanamh ar theilgean amháin – go mbeidh 60% de na daltaí inár seomraí ranga sa lá atá inniu ann ag obair i ngairmeacha san earnáil STEM, agus cuid mhór díobh nach ann díobh go fóill! Ní fhacthas a leithéid de ráta sna hathruithe ar theicneolaíochtaí le deich mbliana anuas nó mar sin agus tá cuid mhór díobh le teacht. Níorbh fhada ó shin ó cheapamar gur chuir teicneolaíochtaí, ar nós feithiclí neamhspleácha, leis an réalaoch agus gurbh é a bhí i gceist le hintleacht shaorga ná ficsean eolaíochta. Anois, táimid beagnach cinnte de go mbeidh siad mar chuid dár dtodhchaí.

D’fhorbair an Roinn Oideachais agus Scileanna [Straitéis STEM](#) chun tacú le forbairt Oideachas STEM suas go dtí 2026 ar fud an chórais iomláin. Dar ndóigh, tosaíonn an bhunchloch d’Oideachas STEM i suíomhanna luathbhlianta agus i mbunscoileanna. Is é an ról atá ag Oideachas STEM ná cuidiú le leanaí agus le daoine óga bheith solúbtha agus oscailte d’fhéidearthachtaí nua. Is é atá i gceist leis an bhfoghlaim sa réimse STEM ná daltaí a chumasú le bheith fiosrach, le hiniúchadh a dhéanamh ar fhéidearthachtaí, le dearadh agus le déanamh, agus lena scileanna réiteach fadhbanna agus smaointeoireachta cruthaitheachta a fhorbairt ar bhealach gníomhach agus comhoibritheach. Is léir go dtarraingítear ar an Eolaíocht agus ar an Matamaitic, ach is féidir leis agus is cóir dó a bheith mar bhealach leis an bhfoghlaim a chomhtháthú i gcuid mhór de réimsí ábhair eile. Bíonn ról tábhachtach i bhfoghlaim STEM ag an bhfoghlaim bunaithe ar shúgradh, an fhoghlaim atá á treorú ag an bhfiosrú, agus teicneolaíochtaí digiteacha.

Tá roinnt bunscoileanna ar casadh orainn tar éis tús áite a thabhairt d’Fhoghlaim STEM mar cheann amháin dá réimsí fócais do FMS. Táimid ag breathnú anseo ar na sé chéim sa phróiseas FMS agus conas a bhaintear úsáid astu d’Fhoghlaim STEM agus tá achoimre ann ar roinnt rudaí a d’fhéadfadh teacht chun cinn.

### Céim 1: Aithin an fócas

Mar a bhíonn i gceist le haon réimse fócais, is áit mhaith í le tosú agus roinnt ama a chaitheamh leis na ráitis maidir le cleachtas éifeachtach agus an-éifeachtach atá in *Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2016* (ABSA) chun machnamh a dhéanamh faoi Foghlaim STEM. Is féidir leis na ráitis cuidiú agus ceisteanna agus plé a spreagadh a d’fhéadfadh brí a bhaint as an réimse áirithe fócais a bheidh mar thairbhe do na daltaí i do scoil. Réimsí a d’fhéadfadh teacht chun cinn ná: forbairt scileanna; foghlaim bunaithe ar shúgradh agus ar fhiosrú; foghlaim théamach; códú agus smaointeoireacht ríomhaireachtúil; comhfhoghlaim nó tionscadail dearaidh STEM.

### Céim 2: Bailigh fianaise

Bunaithe ar an bhfócas aitheanta agus ag tarraingt ar an gcaighdeán in ABSA, is é an chéad chéim eile ná an fhianaise chuí a bhailiú maidir le cén chuma atá ar an soláthar i do scoil faoi láthair. B’fhéidir go mbeidh a lán fianaise ar fáil sa scoil cheana féin. Tá samplaí d’fhoinsí fianaise a d’fhéadfadh a bheith ann san áireamh sa tábla thíos.

Bileog mhachnaimh do mhúinteoirí maidir le forbairt scileanna	Tasc measúnaithe a cheap an scoil
Bileog mhachnaimh do mhúinteoirí maidir le foghlaim chomhtháite	Machnaimh múinteoirí maidir leis na cleachtais STEM reatha
Fócasghrúpa le daltaí maidir leis an bhfoghlaim i gcúrsaí Eolaíochta / Mata	Sonraí tástála caighdeánaithe anailísithe (Matamaitic)
Fócasghrúpa le tuismitheoirí	Tionscadail agus portfóilíonna daltaí
Comhathbhreithniú gairmiúil ar an teagasc agus ar an bhfoghlaim	

### Céim 3: Déan anailís agus breithiúnais

Is é a bheith i gceist sa chéim seo ná féachaint ar an bhfianaise agus a cheistiú cad atá a rá inti. Ag baint úsáid as ráitis cleachtais ó ABSA, beidh tú in ann na gnéithe den chleachtas reatha atá éifeachtach nó an-éifeachtach sa scoil a aithint. Beidh na láidreachtaí seo mar bhunús maith a bhféadfaí tógáil orthu agus b'fhéidir go mbeadh a leithéid san áireamh ar nós spreagadh na ndaltaí, tionscnaimh i gcúrsaí Eolaíochta agus Mata nó cuir chuige nó modheolaíochtaí áirithe atá ag feidhmiú go maith. Cuideoidh na ráitis freisin leis na réimsí le forbairt a dhéanamh orthu a aithint. B'fhéidir go n-aithneofar scileanna áirithe nach mór a fhorbairt, eispéiris foghlama a neartódh cuir chuige foghlama nó teagasc na ndaltaí a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm. Trí sheasamh siar ó na láidreachtaí agus ó na réimsí le forbairt a dhéanamh orthu, beidh tú in ann roinnt rudaí praiticiúla a aithint chun cuidiú le feabhsuithe a dhéanamh.

### Céim 4: Scríobh agus comhroinn plean feabhsúcháin

Leanfaidh an tuairisc FMS agus an plean feabhsúcháin le chéile ón smaointeoireacht a thagann chun cinn i gcéim 3. Beidh sprioc amháin nó dhá sprioc ar an iomlán a bhaineann le feabhas a chur ar fhoghlaim STEM, i dtaca leis an bhfianaise bhonnlíne a bailíodh. Déanfar roinnt gníomhartha áirithe a bhaineann leis an teagasc agus leis an bhfoghlaim a aithint freisin. Is iad seo a leanas samplaí de roinnt gníomhartha a d'fhéadfadh bheith ann:

- Níos mó gníomhaíochtaí oscailte agus bunaithe ar fhiosrú a chur ar fáil mar chuid de *Aistear*
- Comhchreat a chruthú do cheachtanna Eolaíochta, Mata agus Amharc-Ealaíon a leagan béim ar scileanna ardoird
- Fadhb oscailte a chur san áireamh i ngach Ceacht Mata
- Gníomhaíochtaí a thabhairt isteach ina bhfuil smaointeoireacht ríomhaireachtúil sa churaclam ar fad
- Tús a chur le tionscadal códaithe le daltaí sna ranganna sinsearach
- Trí eispéireas dearaidh agus déanaimh ar a laghad a chur ar fáil do dhaltaí i ngach rang ina ndéantar an Eolaíocht agus na hAmharc-Ealaíona a imeascadh gach téarma
- Measúnú a dhéanamh ar fhorbairt scileanna STEM na ndaltaí ar bhonn rialta
- Dea-chleachtas STEM a chomhroinnt le chéile
- Seachtain STEM a bhunú le linn na scoilbhliana
- Ceiliúradh sa scoil uile d'fhoghlaim STEM a eagrú le linn na scoilbhliana

### Céim 5: Cuir an feabhas i ngníomh agus Céim 6: Déan monatóireacht ar ghníomhartha agus déan meastóireacht ar an éifeacht

Beidh sé seo mar chuid tábhachtach den phróiseas. Is é seo an áit ina dtarlaíonn na gníomhartha aitheanta sna seomraí ranga ar fud na scoile. Tá dlúthnasc idir Céimeanna 5 agus 6. Agus an plean feabhsúcháin á chur i ngníomh, déanann an scoil monatóireacht ar na gníomhartha de réir mar a chuirtear i bhfeidhm iad. Beidh sé tábhachtach breathnú ar eispéiris na múinteoirí agus na ndaltaí chomh maith leis an éifeacht atá ag na hathruithe ar an bhfoghlaim.

Tá súil againn níos mó a chloisteáil ó scoileanna maidir leis an gcaoi a bhfuil dul chun cinn á dhéanamh i bhFoghlaim STEM agus tá súil againn bheith in ann leanúint ar aghaidh agus acmhainní a fhorbairt chun tacú le scoileanna agus obair fhéinmheastóireachta ar siúl acu sa réimse seo amach anseo.

## Monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhartha agus meastóireacht a dhéanamh ar an éifeacht

Gan aon amhras, is é an chéim is tábhachtaí sa phróiseas FMS ná Céim 5 – *Cuir plean feabhsúcháin i ngníomh*. Is é sin an áit go díreach ina dtarlaíonn na hathruithe a bhíonn ag teastáil uainn san fhoghlaim agus sa teagasc. Tagann sí go mór le Céim 6 – Déan monatóireacht ar ghníomhartha agus déan meastóireacht ar an éifeacht. San alt gearr seo déantar iniúchadh ar roinnt den dea-chleachtas ar tháingamar air i scoileanna sa chéim deiridh den phróiseas.

Is próiseas féilteúil agus atriallach é próiseas FMS agus trí mhonatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh ar an éifeacht tá tú ag seiceáil an bhfuil na gníomhartha a d'aithin tú ag feidhmiú agus ag feabhsú an teagasc agus na foghlama mar a rabhtas ag súil leis – agus an bhfuil ag éirí leat na spriocanna atá leagtha amach a bhaint amach. Dé réir mar a chuirtear gníomhartha i bhfeidhm, ná déan dearmad amanna agus bealaí a chur



san áireamh chun machnamh a dhéanamh orthu, breathnú an bhfuil siad ag feidhmiú agus tacaíocht a thabhairt dá chéile le go mbeidh siad i gceart. Tá sé tábhachtach seasamh siar go rialta – agus cuir chuige a cheartú nó a athrú i dteannta a chéile bunaithe ar a bhfuil foghlamtha agat. Uaireanta, gach seans go mbeidh ort dul ar ais agus tosú ón mbonn arís fiú, agus gníomh a athrú nó an sprioc a chur le chéile arís ón tús ar fad!

Uaireanta, leis an bhfocal ‘monatóireacht’ is féidir tabhairt chun cuimhne íomhána de sheiceálacha agus cothromaíochtaí tiarnúla! Dúirt ceannaire scoile amháin lena rabhamar i dteagmháil gur smaoiníodh ar mhonatóireacht i gCéim 6 mar ‘monatóireacht a dhéanamh le m beag.’ Is féidir le gníomhartha monatóireachta bheith mar bhealach le meabhrúcháin agus deiseanna a chur san áireamh ionas go labhróidh múinteoirí agus go ndéanfaidh siad machnamh ar bhealaí foirmiúla agus neamhfhoirmiúla faoi gníomhartha feabhsúcháin na scoile. Is bealach é freisin le breathnú ar cé mhéad dul chun cinn atá á dhéanamh.

Thángthamar ar a lán ‘monatóireacht le m beag’ atá an-mhaith i scoileanna. San áireamh tá na cinn seo a leanas:

- Plé ag gach cruinniú foirne faoi FMS agus faoin gcaoi a bhfuil dul chun cinn á dhéanamh ag na gníomhartha
- An comhrá a choinneáil ag dul go réidh ar bhonn rialta agus go neamhfhoirmiúil go minic, ionas go mbeidh na hathruithe comhaontaithe beo go fóill
- Clár fógraí FMS beag sa seomra foirne nó in áit choitianta eile ina léirítear na gníomhartha comhaontaithe
- Meabhrúcháin ar theimpléid thuairiscí pleanála agus thuairiscí dul chun cinn míosúla na scoile maidir le gníomhartha FMS comhaontaithe
- Péireáil múinteoirí – ina socraíonn beirt mhúinteoirí comhrá neamhfhoirmiúil gearr a bheith le chéile ar bhonn rialta – chun cuidiú le spreagadh a thabhairt dá chéile agus le fadhbanna a réiteach nuair a bhíonn deacrachtaí acu
- Pleanáil i gcuasaigh – i scoileanna níos mó ina mbíonn múinteoirí ag pleanáil le chéile – ag caitheamh cúpla nóiméad gach uair ag caint faoi na gníomhartha tosaíochta FMS
- Comhtheagasc a dhéanamh le cleachtais nua a thabhairt isteach – ina n-oibríonn múinteoir a bhfuil taithí cleachtais nua aige/aici i seomra ranga le comhghleacaí eile ar bhealach tacúil chun an cleachtas a fhorbairt le chéile
- Baill den fhoireann BIS (Bainistíocht In scoile) i dteagmháil go rialta le grúpaí múinteoirí ar bhealach tacúil

Go deimhin, tá áit ann freisin don mhonatóireacht le M mór. De ghnáth, is é a bheidh i gceist ná baill den fhoireann BIS ag seiceáil isteach go foirmiúil le múinteoirí maidir leis na gníomhartha comhaontaithe, forbhreathnú ginearálta a dhéanamh ar thuairiscí dul chun cinn míosúla nó ag breathnú, b’fhéidir, ar shamplaí d’obair na ndaltaí ar fud na scoile.

An dara cuid den chéim seo ná meastóireacht a dhéanamh ar an éifeacht. Tá sé tábhachtach nuair atá do phlean feabhsúcháin á chur le chéile agat go ndéanann tú machnamh nuair a sheasann tú siar féachaint ar éirigh leat an feabhsú a bhí i gceist agat a dhéanamh a bhaint amach. Beidh an dul chun cinn á sheiceáil agat i gcoinne na spriocanna atá leagtha amach agat, bunaithe ar an eolas bonnlíne a bailíodh i gCéim 2. Is é a bheidh i gceist le meastóireacht a dhéanamh ar an éifeacht ná comparáid a dhéanamh idir an áit ina raibh rudaí ar dtús agus an áit ina bhfuil siad anois. Tá sé fíorthábhachtach é seo a dhéanamh ionas go féidir leat an dul chun cinn atá déanta a cheiliúradh.

## Meabhrúcháin de na Tacaíochtaí do FMS

Coinnigh i dteagmháil leis na forbairtí faoin FMS ar ár suíomh gréasáin agus ar ár meáin shóisialta.

Cliceáil ar na deilbhíní thíos chun fáil ar an nasc cuí nó chun clárú lenár bhfothaí de chuid na meán sóisialta.

